II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/120 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Feabhra 2021

lena n-údaraítear púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ([2]) ón gCoimisiún lena mbunaítear liosta Aontais de bhianna núíosacha údaraithe.

(3) An 31 Nollaig 2018, chuir an chuideachta Avena Nordic Grain Oy ("an t-iarratasóir") iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó shaothróga ísle (00) *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L, a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núíosach. D'iarr an t-iarratasóir cead an púdar síl ráibe díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. a úsáid i mbarraí gránaigh, múslaí agus gránaigh bricfeasta mheasctha comhchosúla, táirgí gránach bricfeasta easbhrúite, sneaiceanna seachas criospaí agus aráin dhonna den chineál céanna, saor ó ghlútan, arán agus rollaí a bhfuil comhábhair speisialta curtha leo, arán ilghráin agus rollaí, ionadaigh feola agus millíní feola.

(4) Mhol an t-iarratasóir freisin, de bhrí go bhfuil codán próitéine an phúdair shíl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L agus ó *Brassica napus* L comhchosúil leis an bpróitéin síl ráibe atá údaraithe mar bhia núíosach le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/424/AE ón gCoimisiún ([3]) ar tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ar chonclúid ina leith ([4]) nach féidir riosca íograithe a chur as an áireamh agus gur dóchúil go

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/424/AE ón gCoimisiún an 1 Iúil 2014 lena n-údaraítear próitéin síl ráibe a chur ar an margadh mar chomhábhar bia núíosach faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 196, 3.7.2014, lch. 27.)

([4]) Iriseán EFSA 2013; 11(10):3420.

bhféadfadh sé frithghníomhuithe ailléirgeacha i ndaoine a bhfuil ailléirge le mustard orthu a spreagadh, maidir le lipéadú táirgí bia ina bhfuil púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L, go gcumasaíonn an lipéadú sin do dhaoine a bhfuil ailléirge le mustard orthu caitheamh na mbianna sin a sheachaint.

(5) An 31 Nollaig 2018, chuir an t-iarratasóir iarratas chuig an gCoimisiún freisin go gcosnófaí sonraí dílseánaigh le haghaidh staidéar trialach idirghabhála 4 seachtaine ar ghrúpa comhthreomhar daonna randamaithe dall dúbailte rialaithe, chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar infhulaingt an bhia núíosaigh ag tomhaltóirí sláintiúla ([5]).

(6) An 19 Meitheamh 2019, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás measúnú a dhéanamh ar an bpúdar síl ráibe díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus ó *Brassica napus* L. mar bhia núíosach i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(7) An 30 Meitheamh 2020, ghlac an t-Údarás a thuairim eolaíoch "Sábháilteacht púdair shíl ráibe ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L mar bhia núíosach de bhun Rialachán (CE) 2015/2283" ([6]) i gcomhréir le ceanglais Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(8) Ina thuairim eolaíoch, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. sábháilte faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Mar sin féin, thángthas ar an gconclúid freisin go bhféadfadh an púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. frithghníomuithe ailléirgeacha a spreagadh i ndaoine a bhfuil ailléirge le mustard orthu. Dá bhrí sin, tugann an tuairim eolaíoch sin forais leordhóthanacha chun a shuí go bhfuil púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L., nuair a úsáidtear é i mbarraí gránaigh, múslaí agus gránaigh mheasctha chomhchosúla, táirgí gránach bricfeasta easbhrúite, sneaiceanna seachas criospaí, aráin dhonna saor ó ghlútan, arán agus rollaí a bhfuil comhábhair speisialta curtha leo, arán ilghráin agus rollaí, ionadaigh feola, agus millíní feola, agus ar choinníoll, leis an gcineál lipéadaithe atá ar bhianna a bhfuil púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L agus ó *Brassica napus* L iontu go gcumasaítear do dhaoine a bhfuil ailléirge le mustard orthu caitheamh na gcineálacha bia sin a sheachaint, go bhfuil an púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach sin i gcomhréir le ceanglais Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(9) Le tuairim an Údaráis agus na sonraí maidir le comhdhéanamh agus sonraíocht a chuir an t-iarratasóir isteach tugtar forais leordhóthanacha freisin chun carbaihiodráití iomlána a áireamh sa tsonraíocht bia núíosaigh mar gur comhábhar tábhachtach cothaitheach é sin agus go gcomhlánófar próifíl fhorimeallach an bhia núíosaigh má chuirtear isteach é.

(10) Ina thuairim eolaíoch, mheas an tÚdarás go bhféadfadh sé teacht ar a chonclúidí maidir le sábháilteacht an phúdair shíl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe gan na sonraí a mhaíonn an t-iarratasóir a bheith dílseánach (Staidéar ar thriail chliniciúil rialaithe ar an duine, is é sin staidéar grúpa comhthreomhar dall dúbailte randamaithe idirghabhála 4 seachtaine, chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar infhulaingt an bhia núíosaigh ag tomhaltóirí sláintiúla).

(11) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nár comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283, agus, maidir leis an gcosaint ar na sonraí dílseánaigh arna iarraidh a áirítear san iarratas, nach féidir an chosaint sin a dheonú. Dá bhrí sin, maidir le húdarú púdair shíl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus ó *Brassica napus* L. mar bhia núíosach agus maidir lena áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha, is iomchuí nach mbeadh ann ach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2015/2283.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([5]) Medfiles Ltd, 2018 (nár foilsíodh).
([6]) Iris EFSA 2020;18(7):6197.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach ó *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar é a áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha údaraithe a bunaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

2. Áireofar san iontráil i liosta an Aontais dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha úsáide agus na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in ord aibítre:

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile
"Púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach *ó Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L.	*Catagóir shonraithe bia*	*Uasleibhéil*	Maidir leis an mbia núíosach a ainmniú ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé, is 'púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach' an t-ainmniú a bheidh air. Aon earra bia ina bhfuil 'púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach' ó *Brassica rapa* L. agus ó *Brassica napus* L.' beidh ráiteas air go bhféadfadh an comhábhar sin a bheith ina chúis frithghníomhaithe ailléirgigh i gcás tomhaltóirí a bhfuil ailléirge le mustard orthu agus le táirgí a dhéantar as. Beidh an ráiteas sin díreach taobh le liosta na gcomhábhar. "	
	Barraí gránaigh measctha	20 g/100 g		
	Múslaí agus gránaigh bhricfeasta chomhchosúla	20 g/100 g		
	Táirgí gránach bricfeasta easbhrúite	20 g/100 g		
	Sneaiceanna (gan criospaí prátaí a áireamh)	15 g/100 g		
	Aráin agus rollaí a bhfuil comhábhair speisialta curtha leo (amhail síolta, rísíní, luibheanna)	7 g/100 g		
	Aráin dhonna a bhfuil ráitis orthu maidir le glútan gan bheith iontu nó níos lú de a bheith iontu i gcomhréir le ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 828/2014 ón gCoimisiún	7 g/100 g		
	Arán agus rollaí ilghráin	7 g/100 g		
	Ionadaigh feola	10 g/100 g		
	Liathróidí feola	10 g/100 g		

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in ord aibítre:

Bia Núíosach údaraithe	Sonraíochtaí
"Púdar síl ráibe atá díshaillte go páirteach *ó Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L.	**Sainmhíniú:** Déantar an púdar a tháirgeadh ó shíolta atá díshaillte go páirteach ó shaothróga "nialas dúbáilte" (00) *Brassica Rapa* L. agus *Brassica napus* L. neamh-ghéinmhodhnaithe trí shraith céimeanna próiseála chun glúcóisínealáití agus fíotáití a laghdú. **Foinse:** Síolta *Brassica rapa* L. agus *Brassica napus* L. **Saintréithe/Comhdhéanamh:** Próitéin (N × 6,25): 33,0-43,0 % Lipidí: 14,0 – 22,0 % Iomlán Carbaihiodráití (*): 33,0 – 40,0 % Iomlán Snáithín (**): 33,0 – 43,0 % Taise: < 7,0 % Luaith: 2,0–5,0 % Iomlán Glúcóisínealáití: < 0,3 mmol/kg (≤ 120 mg/kg) Fiotáit: < 1,5 % Luach sárocsaíde (i meáchan bia núíosaigh): ≤ 3,0 mEq O_2/kg **Miotail Throma:** Luaidhe: < 0,2 mg/kg Arsanaic (neamhorgánach): < 0,2 mg/kg Caidmiam: < 0,2 mg/kg Mearcair: < 0,1 mg/kg Alúmanam: < 35 0 mg/kg **Critéir mhicribhitheolaíochta:** Áireamh iomlán coilíneachtaí (30 °C): < 5 000 CFU/g *Enterobacteriaceae*: < 10 CFU/g *Salmonella* sp.: Diúltach/25 g Giosta agus múscán: < 100 CFU/g *Bacillus cereus*: < 100 CFU/g (*) De réir difríochta: 100 % – [próitéin % + taise % + % saille + % luaith] (**) AOAC 2011.25 (Modh meá-mhéadrach einsímeach) CFU: Aonaid déanta coilíneachta: Comhlachas na gCeimiceoirí Oifigiúla Talmhaíochta"